Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**11675/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0229 (NLE)**

**RECH 329**
**COMPET 749**
**IND 279**
**TELECOM 248**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Iúil 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 414 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le Rialachán (AE) 2021/1173 ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir leis an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach a bhunú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1488 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 414 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 414 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.7.2025
COM(2025) 414 final

2025/0229 (NLE)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Rialachán (AE) 2021/1173 ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir leis an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach a bhunú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1488**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Le Rialachán (AE) 2021/1173[1] ón gComhairle lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1488[2] ón gComhairle, bunaítear an Comhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach agus leagtar amach a mhisean agus a chuspóirí. Is é misean an Chomhghnóthais éiceachóras seirbhís sár-ríomhaireachta agus ríomhaireachta candamaí agus éiceachóras bonneagar sonraí den chéad scoth a bheidh cónasctha, slán agus hipearnasctha a fhorbairt, a chur chun úsáide, a leathnú agus a chothú san Aontas; tacú le forbairt agus glacadh córas sár-ríomhaireachta nuálach agus iomaíoch atá dírithe ar éileamh agus faoi stiúir an úsáideora bunaithe ar shlabhra soláthair lena n-áiritheofar na comhpháirteanna, na teicneolaíochtaí agus an t-eolas infhaighteachta agus lena gcuirfear teorainn leis an mbaol bristí agus lena bhforbrófar raon leathan feidhmchlár a bheidh barrfheabhsaithe le haghaidh na gcóras sin; agus, an úsáid a bhainfear as an mbonneagair sár-ríomhaireachta agus ríomhaireachta candamaí sin a leathnú chuig líon mór úsáideoirí poiblí agus príobháideacha, agus tacú leis an dá aistriú agus le forbairt príomhscileanna le haghaidh eolaíochta agus earnáil tionsclaíochta na hEorpa.

Ó bhí 2021 ann, nuair a glacadh Rialachán (AE) 2021/1173 ón gComhairle, tá dul chun cinn ollmhór teicniúil déanta i réimse na hintleachta saorga (IS) agus tá sé ina phríomhréimse straitéiseach agus an-iomaíoch ar fud an domhain. Go háirithe, tá samhlacha móra ilchuspóireacha IS tagtha chun cinn mar spreagthóirí ríthábhachtacha don iomaíochas eacnamaíoch agus don nuálaíocht. Tá siad tar éis éirí ríthábhachtach maidir le táirgiúlacht a fheabhsú ar fud earnálacha éagsúla agus slabhraí luacha iomlána a chlaochlú, agus ar an gcaoi sin gabháil luacha eacnamaíoch amach anseo a leagan síos. Leis an gcéad ghlúin eile de shamhlacha intleachta saorga teorann, meastar go gcuirfear borradh faoi chumais, i dtreo na hIntleachta Ginearálta Saorga atá in ann dul i ngleic le cúraimí éagsúla an-chasta agus atá ar an leibhéal céanna le cumais an duine. Réigiúin atá in ann na samhlacha intleachta saorga sin a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar scála, beidh siad ar thús cadhnaíochta sa nuálaíocht dhomhanda agus meallfaidh siad tallann den scoth. An tráth céanna, earnálacha atá ar thús cadhnaíochta san eolaíocht agus sa tionsclaíocht, amhail an bhiteicneolaíocht, an aeráid, an intleacht shaorga mótarfheithiclí, agus an t-aeraspás, éilíonn siad acmhainní suntasacha ríomhaireachta chun tabhairt faoi fhionnachtana móra eolaíocha atá dírithe ar an intleacht shaorga agus faoi nuálaíochtaí tionsclaíocha.

Tar éis ghlacadh an Phacáiste Nuálaíochta maidir leis an Intleacht Shaorga i mí Feabhra 2024[3], leasaíodh Rialachán (AE) 2021/1173 i mí an Mheithimh 2024 lena gcruthaítear colún nua gníomhaíochtaí don Chomhghnóthas EuroHPC, rud a chuir ar a chumas monarchana IS a fháil, a uasghrádú agus a oibriú.

Beidh na Monarchana IS is forbartha san Eoraip feistithe le sár-ríomhairí ina mbeidh suas le 25 000 ardphróiseálaí IS, rud a fhágfaidh nach féidir ach samhlacha IS meán-raoin a fhorbairt. Dá bhrí sin, tá gá le hinfheistíochtaí suntasacha chun acmhainneachtaí ríomhaireachta na

---

1 Rialachán (AE) 2021/1173 ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir leis an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach a bhunú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1488 (IO L 256, 19.7.2021, lch. 3).

2 Rialachán (AE) 2018/1488 ón gComhairle an 28 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear an Comhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach (IO L 252, 8.10.2018, lch. 1).

3 https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/news/commission-launches-ai-innovation-package-support-artificial-intelligence-startups-and-smes

hEorpa a mhéadú go dtí an chéad leibhéal eile.

An 9 Aibreán 2025, sheol an Coimisiún an Plean Gníomhaíochta um Mór Roinn na hIntleachta Saorga[45] chun an Eoraip a chur ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain san intleacht shaorga. Colún lárnach den straitéis sin is ea borradh a chur faoin mbonneagar uile-Eorpach chun ardsamhlacha intleachta saorga a oiliúint agus coincheap Mhonarchana IS 2024 á ghlacadh go dtí an chéad leibhéal eile.

Tá coinne leis go mbeidh gá le saoráidí mórscála chun an chéad ghlúin eile de shamhlacha intleachta saorga teorann a fhorbairt, ar saoráidí iad a sháraíonn trí oiread go ceithre oiread ar a laghad líon na bpróiseálaithe intleachta saorga is forbartha atá ar fáil sna Monarchana IS is cumhachtaí, agus acmhainneacht chumhachta, chomh maith le héifeachtúlacht fuinnimh, éifeachtúlacht uisce agus ciorclaíocht á gcur san áireamh ag an am céanna. Beidh siad in ann samhlacha agus feidhmchláir intleachta saorga an-mhór a fhorbairt, a oiliúint agus a chur in úsáid ar scála nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo (e.g. samhlacha intleachta saorga atá thart ar na céadta trilliún paraiméadar).

Cuirfidh Gigeamhonarchana IS bonneagar ríomhaireachta intleachta saorga den chéad scoth ar fáil do thaighdeoirí, d’fhiontraithe, don earnáil phoiblí agus do thionscail na hEorpa. Neartóidh siad tionscal na hEorpa, cumasóidh siad réitigh intleachta saorga atá go hiomlán nua a fhorbairt agus áiritheoidh siad iomaíochas agus ceannasacht an Aontais mar mhór-roinn IS i gcomhréir leis an gCompás Iomaíochais[6]. Is é leas an phobail i gcomhinfheistíocht a dhéanamh le gníomhaithe tionscail i nGigeamhonarchana IS bonneagar ríomhaireachta intleachta saorga na hEorpa a leathnú agus a neartú ionas gur féidir an chéad ghlúin eile de shamhlacha agus d’fheidhmchláir intleachta saorga le haghaidh úsáid eolaíoch, phoiblí agus thionsclaíoch a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm san Eoraip. Díreach mar a bheidh i Monarchana IS, beidh na Gigeamhonarchana IS oscailte do thaighdeoirí, do pháirtithe leasmhara ón earnáil phoiblí, do ghnólachtaí nuathionscanta agus don tionscal ar fud na mBallstát, faoi choinníollacha rochtana sonracha.

Níl na sásraí atá ann cheana i Rialachán 2021/1173 lánfheistithe sa lá atá inniu ann chun tacú le bunú Gigeamhonarchana IS. Dá bhrí sin, tá gá le leasú spriocdhírithe chun an bunús dlí is gá a sholáthar don Chomhghnóthas EuroHPC chun go mbeidh sé in ann na gealltanais maidir le bunú Gigeamhonarchana IS san Eoraip a chomhlíonadh. Leis an leasú, tabharfar sainordú sonrach don Chomhghnóthas gníomhaíochtaí a dhéanamh chun Gigeamhonarchana IS a chur chun feidhme agus freastal ag an am céanna ar a sainiúlachtaí.

Tugtar deis leis an leasú freisin forálacha straitéiseacha a bhaineann le teicneolaíochtaí candamacha a thabhairt isteach, i gcomhréir le Straitéis Chandamach na hEorpa. Tá teicneolaíochtaí candamacha, lena gcuimsítear ríomhaireacht chandamach, cumarsáid, brath agus méadreolaíocht, ag teacht chun cinn mar réimse straitéiseach don Aontas, a d’fhéadfadh príomhthionscail agus feidhmeanna sochaíocha a athmhúnlú, agus tionchar mór a bheith acu ar iomaíochas tionsclaíoch agus ceannasacht theicneolaíoch an Aontais. Tá infheistíochtaí substaintiúla déanta ag an Aontas sa réimse sin. Is gá anois clár oibre uile-Eorpach um thaighde, nuálaíocht agus tionsclú candamach a chomhordú agus a chur chun feidhme a

---

[4] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Plean Gníomhaíochta um Mór Roinn na hIntleachta Saorga, COM/2025/165 final

[5] Rialachán (AE) 2024/1732 ón gComhairle

[6] https://commission.europa.eu/topics/eu-competitiveness/competitiveness-compass_ga

thuilleadh, clár lena mbainfear leas as na láidreachtaí atá ann cheana agus lena n-ailíneofar na hiarrachtaí uile a bhaineann le tosaíochtaí comhroinnte. Tá sé ag éirí níos tábhachtaí don Eoraip a barr feabhais eolaíoch agus a hacmhainneacht nuálaíochta a aistriú ina bhfíordheiseanna margaidh agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú le cuspóirí an Chompáis Iomaíochais.

Leis an leasú seo, treisítear sainordú reatha an Chomhghnóthais EuroHPC maidir le teicneolaíochtaí candamacha chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Tacú le héiceachóras candamach Eorpach iomlán a fhorbairt, lena gcumhdófar taighde, nuálaíocht, cur in úsáid bonneagair, scileanna agus cumais thionsclaíocha;
- Sineirgí a áirithiú idir bonneagair HPC chandamacha agus chlasaiceacha, go háirithe le haghaidh córais hibrideacha, ionsamhlúcháin, agus ardáin chomhfhorbartha;
- Ceannasacht theicneolaíoch na hEorpa a chur chun cinn, trí chumais a threisiú maidir le comhpháirteanna cumasaithe candaim agus spleáchais i réimsí criticiúla a laghdú;

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is é is cuspóir don togra seo raon feidhme Rialachán 2024/1732 ón gComhairle a leathnú chun a chur ar chumas an Aontais freagairt d'fhorbairtí teicneolaíochta nua agus do riachtanais straitéiseacha, eadhon acmhainneacht ríomhaireachta IS-optamaithe a mhéadú go mór san Eoraip, chomh maith leis na Ballstáit a ailíniú maidir le tosaíochtaí comhroinnte i dteicneolaíochtaí candamacha trí ilroinnt reatha na gclár candamach ar fud tíortha san Aontas a cheartú.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra seo i gcomhréir go hiomlán le beartais eile de chuid an Aontais, go háirithe na beartais sin a achtaíodh faoi thosaíocht an Choimisiúin 'Eoraip rathúil iomaíoch'.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 187 agus an chéad mhír d'Airteagal 188 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh bunús dlí an Chomhghnóthais.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tá feidhm ag prionsabal na coimhdeachta a mhéid nach dtagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais.

Cumhdaítear le Rialachán (AE) 2021/1173 ón gComhairle prionsabal na coimhdeachta ós rud é nach féidir leis na Ballstáit a chuspóirí, is iad sin cumais taighde agus nuálaíochta a neartú, sár-ríomhairí agus ríomhairí candamacha a fháil, agus rochtain ar ríomhaireacht ardfheidhmíochta, ríomhaireacht chandamach agus bonneagar sonraí ar fud an Aontais trí bhíthin Comhghnóthas, nach féidir leis na Ballstáit na cuspóirí sin a bhaint amach go leordhóthanach, agus, de bharr dúbailt neamhriachtanach a sheachaint, mais chriticiúil a choinneáil agus a áirithiú go n-úsáidfear maoiniú poiblí ar bhealach barrmhaith, gur fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais.

Chun freastal ar uaillmhianta na ceannaireachta tionsclaíche agus an Phlean Gníomhaíochta um Mór Roinn na hIntleachta Saorga, tá gá le leasú spriocdhírithe sa Rialachán lena mbunaítear an Comhghnóthas lena gcuirfear ar chumas an Chomhghnóthais EuroHPC freastal

ar shainiúlachtaí na nGigeamhonarchana IS agus straitéis chandamach an Aontais a chur chun feidhme.

Mar gheall ar chineál na ríomhaireachta candamaí agus na hintleachta saorga agus méid na n-infheistíochtaí is gá le haghaidh Ghigeamhonarchana IS agus teicneolaíochtaí candamacha, chun buntáiste na hEorpa a choinneáil sna teicneolaíochtaí criticiúla sin, ní féidir é a bhaint amach ach amháin trí chomhghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an leasú atá beartaithe prionsabail na comhréireachta a leagtar amach in Airteagal 5, mír 4 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

- **An rogha ionstraime**

Éilítear Rialachán ón gComhairle chun Comhghnóthas ina mbíonn an tAontas rannpháirteach a chruthú agus a oibriú, a bhfuil leasú á mholadh ina leith anois.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Is leasú é seo ar Rialachán atá ann cheana. Is é an leasú spriocdhírithe atá beartaithe ar Rialachán (AE) 2021/1173 ón gComhairle an t-aon bhealach chun an gealltanas polaitiúil a d'fhógair an tUachtarán von der Leyen ag an gCruinniú Mullaigh maidir leis an Intleacht Shaorga i mí Feabhra 2025 a chomhlíonadh maidir le Gigeamhonarchana IS a bhunú, chomh maith le cur chun feidhme Straitéis Candamach an Aontais. Ní dhearnadh aon mheastóireacht *ex post* ná aon mheasúnú tionchair.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chuathas i gcomhairle go forleathan leis na páirtithe leasmhara chun críche na leasuithe maidir le Gigeamhonarchana IS:

– díospóireacht leis na Stáit Rannpháirteacha EuroHPC ar Bhord Rialaithe EuroHPC,

– plé struchtúrtha le príomhghníomhaithe poiblí agus príobháideacha atá ábhartha don tionscnamh, lena n-áirítear ionadaithe rialtais, cuideachtaí de chuid an Aontais agus cuideachtaí idirnáisiúnta, agus institiúidí príobháideacha chomh maith le hinstitiúidí cistiúcháin poiblí, amhail Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta,

– glao ar Léiriú Spéise a bhí ar siúl ón 9 Aibreán go dtí an 20 Meitheamh 2025. Tugadh cuireadh sa ghlao seo do smaointe ó gach cearn den Eoraip, rud a chuidigh le cuibhreannais fhéideartha a shainaithint agus na léargais is gá a bhailiú chun an creat maidir le forbairt ghigeamhonarcha IS a bheachtú.

Mar gheall ar chineál an-spriocdhírithe na leasuithe ar an Rialachán, lena dtugtar sainordú cheana féin don Chomhghnóthas EuroHPC gníomhú i réimse na hintleachta saorga agus na candamaí, ní gá Measúnú Tionchair a dhéanamh.

I gcás teicneolaíochtaí candamacha, léiríonn an leasú ionchuir a bailíodh tríd an nglao poiblí ar fhianaise a rinneadh mar chuid d'ullmhú na Straitéise Eorpaí um Theicneolaíochtaí Candamacha.

Leis an gcomhairliúchán sin, a sheol an Coimisiún Eorpach, bailíodh ionchur ó réimse leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear eagraíochtaí taighde, ionadaithe tionscail, údaráis náisiúnta agus an tsochaí shibhialta, agus leagadh béim ar a thábhachtaí atá gníomhaíocht chomhordaithe an Aontais chun tacú le héiceachóras candamach cuimsitheach a fhorbairt. I measc na bpríomhthosaíochtaí a sainaithníodh tá: infheistíocht fhadtéarmach taighde, forbairt bonneagair, scileanna agus oideachas, cur in úsáid tionsclaíoch, agus comhar idirnáisiúnta.

Fuarthas ionchuir bhreise freisin tríd an dá bhealach seo a leanas:

– Díospóireacht le hionadaithe ón nGrúpa Comhordaithe um Theicneolaíocht Chandamach (Saineolaithe)[7] i gcás ina bhfuil na Ballstáit uile rannpháirteach;

– Dian-idirghníomhaíochtaí le meithleacha saineolaithe ó na Ballstáit uile a bunaíodh faoi chomhordú an Ghrúpa Comhordaithe um Theicneolaíocht Chandamach. D’eisigh na meithleacha saineolaithe tuarascáil[8] inar cuireadh i láthair sraith tosaíochtaí agus moltaí straitéiseacha comhroinnte lena dtreoraítear forbairt teicneolaíochtaí candamacha san Eoraip.

Chuidigh na hionchuir sin le bonn eolais a chur faoi theicneolaíochtaí candamacha a áireamh sa leasú seo, lena n-áirithítear comhleanúnachas le hionchais na bpáirtithe leasmhara agus le treo straitéiseach níos leithne an Aontais i dteicneolaíochtaí digiteacha.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Déanfar cistí breise ón gclár Fís Eorpach, ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, ón Eoraip Dhigiteach a sheoladh chuig Comhghnóthas EuroHPC chun Gigeamhonarchana IS agus straitéis chandamach an Aontais a chur chun feidhme.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leis an leasú ar an Rialachán, méadaítear a raon feidhme chun cur le cuspóir an Chomhghnóthais a bhaineann le forbairt agus oibriú Gigeamhonarchana IS san Eoraip a bheidh cónasctha le Monarchana IS.

**Leis an gcuspóir, tugtar aghaidh ar na breithnithe agus na ceanglais uathúla a bhaineann le bunú na sonraí intleachta saorga sárscála sin agus ríomhtar na saoráidí bonneagair is gá chun samhlacha agus feidhmchláir intleachta saorga an-mhór a oiliúint agus a imscaradh san Aontas. Ba cheart a shoiléiriú go dtugtar isteach leis na leasuithe cuimsiú Gigeamhonarchana IS faoi raon feidhme an Rialacháin.**

Freagraíonn an leasú seo do na forbairtí móra teicneolaíochta i réimse na hintleachta saorga a tharla ó tháinig an Rialachán bunaidh i bhfeidhm in 2021 agus ó rinneadh an leasú roimhe sin in 2024.

Léirítear na forbairtí sin sna hAirteagail leasaithe den Rialachán. Cuirtear i láthair in Airteagal 2(3d) an sainmhíniú ar Ghigeamhonarcha IS.

---

[7] https://ec.europa.eu/transparency/expert-groups-register/screen/expert-groups/consult?lang=en&groupID=3629

[8] https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/library/shaping-european-strategy-quantum-technology-main-orientations-and-recommendations

Cuirtear i láthair in Airteagal 3(2)(h) a chuspóir nua chun tacú le bunú Gigeamhonarchana Intleachta Saorga, chun tacú le héiceachóras Intleachta Saorga atá an-iomaíoch agus nuálach a fhorbairt a thuilleadh san Aontas.

Sainítear in Airteagal 4(1)(i) colún gníomhaíochta nua an Chomhghnóthais maidir leis an Intleacht Shaorga.

Leasaítear Airteagal 5 chun méadú agus úsáid ranníocaíocht airgeadais an Aontais a léiriú.

Tugtar Airteagal 12b isteach chun suíomh Gigeamhonarchan IS a rialú, coinníollacha maidir le hincháilitheacht na gcuibhreannas poiblí-príobháideach atá ag iarraidh Gigeamhonarchana IS a óstáil, rialacha a bhaineann le sciar agus coinníollacha an Aontais agus cistí na Stát Rannpháirteach EuroHPC a rannchuidíonn le bunú Gigeamhonarchana IS, critéir mheastóireachta maidir le roghnú Gigeamhonarchana IS, critéir maidir leis an aga rochtana poiblí etc.

Leasaítear Airteagal 16(1) chun úsáid sár-ríomhairí EuroHPC a cheadú le haghaidh feidhmeanna sibhialta agus slándála.

**Cuirfear san áireamh sa leasú freisin cur chun feidhme na straitéise candamaí Eorpaí ag an gComhghnóthais EuroHPC.**

Cuirtear isteach sainmhíniú nua (Airteagal 2, pointe 19a) lena dtugtar isteach an coincheap 'Lárionad Inniúlachta Candamach náisiúnta', a thuigtear mar eintiteas dlítheanach nó cuibhreannas atá bunaithe i dtír rannpháirteach, lena gcuirtear rochtain ar theicneolaíochtaí, uirlisí, seirbhísí agus bonneagair chandamacha ar fáil. Is é is aidhm do na lárionaid sin tacú le húsáideoirí ón tionscal, ón saol acadúil agus ó riaracháin phoiblí, agus forbairt scileanna, oiliúint, líonrú agus gníomhaíochtaí for-rochtana a bhaineann le teicneolaíocht chandamach a chur chun cinn.

Leasaítear Airteagal 3(1) chun misean nuashonraithe an Chomhghnóthais a chur i láthair chun tacú le forbairt agus glacadh córas sár-ríomhaireachta agus candam atá dírithe ar éileamh agus faoi stiúir an úsáideora. Cuirtear i láthair in Airteagal 3(2)(fa) cuspóir nua an Chomhghnóthais tacú le taighde agus nuálaíocht eolaíoch agus fheidhmeach úrscothach i dteicneolaíochtaí candamacha.

Leis an leasú, cuirtear pointe (j) nua le hAirteagal 4(1), lena mbunaítear Colún Teicneolaíochtaí Candamacha lena dtugtar aghaidh ar éiceachóras candamach na hEorpa ina iomláine, lena n-áirítear ríomhaireacht chandamach, ionsamhlúchán, cumarsáid, brath agus méadreolaíocht.

Cumhdaítear an méid seo a leanas le raon feidhme na ngníomhaíochtaí:

- Taighde eolaíoch agus nuálaíocht theicneolaíoch i réimsí candamacha;
- Tionsclú agus uas-scálú teicneolaíochtaí candamacha, lena n-áirítear tacaíocht do ghnólachtaí nuathionscanta agus nuálaíocht shuaiteach;
- Líonra lárionad náisiúnta inniúlachta candamaí a fhorbairt, glacadh feidhmeanna candamacha in earnálacha straitéiseacha, agus caighdeánú;
- Forbairt scileanna agus soghluaisteacht, lena gcothaítear lucht saothair candamach láidir agus cuimsitheach;
- Comhar idirnáisiúnta ailínithe le beartas seachtrach an Aontais.

Chun cabhrú leis an gComhghnóthas EuroHPC an straitéis chandamach a chur chun feidhme, tugtar isteach in Airteagal 4 den iarscríbhinn coincheap Ghrúpa Comhairleach na Straitéise

Candamaí agus sonraítear in Airteagal 14b den iarscríbhinn chéanna na cúraimí a bhfuil Grúpa Comhairleach na Straitéise Candamaí ag súil leo.

2025/0229 (NLE)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Rialachán (AE) 2021/1173 ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir leis an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach a bhunú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1488**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 187 agus Airteagal 188, an chéad mhír, de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa[9],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[10],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (an Gníomh um an Intleacht Shaorga) feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh trí chreat dlíthiúil aonfhoirmeach a leagan síos go háirithe maidir le forbairt, margú agus úsáid na hintleachta saorga i gcomhréir le luachanna an Aontais.

(2) Ó bhí 2021 ann, nuair a glacadh Rialachán (AE) 2021/1173 ón gComhairle, tá dul chun cinn teicniúil ollmhór déanta i réimse na hintleachta saorga (IS) agus tá sé ina réimse an-straitéiseach agus iomaíoch ar fud an domhain. Tá an tAontas Eorpach ar thús cadhnaíochta sna hiarrachtaí chun tacú le nuálaíocht fhreagrach san intleacht shaorga, tríd an nuálaíocht a threorú, ráillí cosanta a leagan síos, agus rialachas domhanda a fhorbairt.

(3) Tá samhlacha móra ilchuspóireacha intleachta saorga tagtha chun cinn mar spreagthóirí ríthábhachtacha don iomaíochas eacnamaíoch agus don nuálaíocht. Éiríonn siad ríthábhachtach maidir le táirgiúlacht a fheabhsú ar fud earnálacha éagsúla agus slabhraí luacha iomlána a chlaochlú, agus ar an gcaoi sin gabháil luacha eacnamaíoch amach anseo a leagan síos. Leis an gcéad ghlúin eile de shamhlacha intleachta saorga teorann, meastar go gcuirfear borradh faoi chumais, i dtreo na hIntleachta Ginearálta Saorga atá in ann dul i ngleic le cúraimí éagsúla an-chasta agus atá ar an leibhéal céanna le cumais an duine. Réigiúin atá in ann na samhlacha intleachta saorga sin a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar scála, beidh siad ar thús cadhnaíochta sa nuálaíocht dhomhanda agus meallfaidh siad tallann den scoth. A tráth céanna, earnálacha atá ar thús cadhnaíochta san eolaíocht agus sa tionsclaíocht, amhail

9 IO C , , lch. .
10 IO C […], […], lch. […]

an bhiteicneolaíocht, an aeráid, an tionscal gluaisteán, an chosaint, an spás agus an t-aeraspás, éilíonn siad acmhainní suntasacha ríomhaireachta chun tabhairt faoi fhionnachtana móra eolaíocha atá dírithe ar an intleacht shaorga agus faoi nuálaíochtaí tionsclaíocha. Bainfear leas as sineirgí idir na gníomhaíochtaí sin agus na gníomhaíochtaí sin a dhéantar le cláir eile de chuid an Aontais, amhail Clár Spáis an Aontais, agus beidh coimircí iomchuí i bhfeidhm chun leasanna straitéiseacha an Aontais agus a Bhallstát a chosaint.

(4) Beidh sár-ríomhairí sna Monarchana IS is forbartha san Eoraip ina mbeidh suas le 25 000 ardphróiseálaí IS, rud a fhágfaidh nach féidir ach samhlacha IS meán-raoin a fhorbairt. Dá bhrí sin, tá gá le hinfheistíochtaí suntasacha chun acmhainneachtaí ríomhaireachta na hEorpa a mhéadú go dtí an chéad leibhéal eile.

(5) An 9 Aibreán 2025, sheol an Coimisiún an Plean Gníomhaíochta um Mór Roinn na hIntleachta Saorga[11] chun an tAontas a chur ina cheannaire domhanda san intleacht shaorga. Colún lárnach den straitéis sin is ea borradh a chur faoin mbonneagar uile-Eorpach chun ardsamhlacha intleachta saorga a oiliúint agus coincheap Mhonarchana IS 2024 á thabhairt go dtí an chéad chéim eile.

(6) Tá coinne leis go mbeidh gá le saoráidí mórscála chun an chéad ghlúin eile de shamhlacha intleachta saorga teorann a fhorbairt, ar saoráidí iad a sháraíonn trí oiread go ceithre oiread ar a laghad líon na bpróiseálaithe intleachta saorga is forbartha atá ar fáil sna Monarchana IS is cumhachtaí, agus acmhainneacht chumhachta, chomh maith le fuinneamh, éifeachtúlacht uisce agus ciorclaíocht á gcur san áireamh ag an am céanna. Níl na sásraí atá ann cheana i Rialachán 2021/1173 feistithe sa lá atá inniu ann chun tacú le bunú agus oibriú Gigeamhonarchana IS. Dá bhrí sin, tá gá le leasú spriocdhírithe chun an bunús dlí is gá a sholáthar don Chomhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach ('an Comhghnóthas') chun go mbeidh sé in ann na gealltanais a chomhlíonadh maidir le Gigeamhonarchana IS a bhunú agus a oibriú san Eoraip.

(7) Tá sé ag éirí níos tábhachtaí bunús eolaíoch agus teicneolaíoch an Aontais a neartú dá iomaíochas fadtéarmach agus dá uathriail straitéiseach. Go deimhin, d'fhéadfadh an intleacht shaorga dlús a chur le fionnachtain eolaíoch agus cumais taighde a fheabhsú ar fud na réimsí uile. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go mbainfeadh úsáideoirí príobháideacha agus poiblí IS, go háirithe FBManna agus gnólachtaí atá i mbun fáis, laistigh den Aontas tairbhe as bonneagair sár-ríomhaireachta den chéad scoth chun ceannaireacht na hEorpa sa taighde agus sa nuálaíocht a chothú agus a chur chun cinn.

(8) I gCompás Iomaíochais an Choimisiúin Eorpaigh, a glacadh an 29 Eanáir 2025, sainaithnítear teicneolaíochtaí straitéiseacha lena n-áirítear teicneolaíochtaí candamacha agus ríomhaireacht ardfheidhmíochta mar cholúin fhíor-riachtanacha chun ceannasacht theicneolaíoch, athléimneacht eacnamaíoch agus ceannaireacht dhomhanda na hEorpa a áirithiú. Leagtar béim sa Chompás ar an ngá atá le hinfheistíochtaí comhordaithe agus le forbairt éiceachórais ar fud an taighde, an bhonneagair, na tionsclaíochta agus na scileanna chun iomaíochas an Aontais sna réimsí sin a neartú.

(9) Mar chomhlánú air sin, leagtar amach i Straitéis Chandamach na hEorpa, a ghlacfar i mí Iúil 2025, creat cuimsitheach chun dlús a chur le taighde candamach, nuálaíocht,

[11] https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/news/commission-sets-course-europes-ai-leadership-ambitious-ai-continent-action-plan

tionsclú agus cur in úsáid teicneolaíochtaí agus bonneagar candamach. Is é is aidhm dó éiceachóras candamach inbhuanaithe agus iomaíoch a thógáil, lena gcumhdaítear ríomhaireacht, cumarsáid, brath agus méadreolaíocht, agus béim láidir á leagan ar fhorbairt scileanna agus ar chomhar idirnáisiúnta.

(10) I bhfianaise thábhacht bheartais an tionscnaimh seo, ba cheart na méideanna a leithdháileadh ar dtús ón gclár Fís Eorpach, ón gClár don Eoraip Dhigiteach agus ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa a mhéadú chun go mbeidh an tAontas in ann a chuspóir a bhaint amach, faoi réir infhaighteacht bhuiséadach.

(11) I bhfianaise na bhforbairtí gasta teicneolaíochta sa réimse agus oiriúnú bheartas IS an Aontais, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le maoiniú suntasach breise ón Aontas do ghigeamhonarchana IS sna blianta amach romhainn. I bhfianaise an chomhthéacs shonraigh beartais sin, ba cheart é a bheith indéanta cistiú breise ón Aontas a chur de chúram ar an gComhghnóthas a théann thar na méideanna a leagtar amach in Airteagal 5(1). Ba cheart do chomhaltaí an Chomhghnóthais seachas an tAontas ranníocaíocht bhreise den sórt sin a mheaitseáil ar a laghad.

(12) Chun dlús a chur le forbairt Gigeamhonarchana IS ar fud an Aontais, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh na leithdháiltí atá fágtha acu faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a úsáid chun a ranníocaíochtaí náisiúnta le Gigeamhonarchan IS a mhaoiniú. Chuige sin, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit ranníocaíochtaí a sholáthar don Chomhghnóthas chun tacú le tionscadail Ghigeamhonarcha IS.

(13) Ba cheart ranníocaíochtaí breise ón Aontas le gigeamhonarchana IS ó chláir eile, nach liostaítear in Airteagal 5(1), a bheith indéanta freisin, trí chomhaontuithe ranníocaíochta sonracha *ad hoc* a shíniú, faoi réir ranníocaíocht chomhchuimseach ó chomhalta amháin nó níos mó den Chomhghnóthas seachas an tAontas. Áireofar tuairisc shoiléir ar úsáid bheartaithe na gcistí iontaoibhe, chomh maith le hamlíne le haghaidh cur chun feidhme, sna comhaontuithe ranníocaíochta comhfhreagracha i gcomhréir le clár oibre ábhartha an Choimisiúin.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/1173 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(2) cuirtear pointe (3c) seo a leanas leis:

(3c) Ciallaíonn 'Gigeamhonarcha na hIntleachta Saorga' nó 'Gigeamhonarcha IS' saoráid úrscothach mhórscála a bhfuil acmhainneacht leordhóthanach aici chun láimhseáil a dhéanamh ar shaolré iomlán — forbairt, oiliúint, mionchoigeartú, agus tuiscint ar mhórscála — samhlacha agus feidhmchláir intleachta saorga an-mhór, lena soláthraítear bonneagar seirbhíse sár-ríomhaireachta, atá comhdhéanta d'acmhainneacht ríomhaireachta arna barrfheabhsú leis an intleacht shaorga, bonneagar lárionaid sonraí tacaíochta (lena n-áirítear stóráil agus líonrú ardtoillte), timpeallachtaí tiomnaithe slána rochtana d'úsáideoirí néalríomhaireachta, agus seirbhísí tacaíochta slána speisialaithe atá dírithe ar IS dá chuid oibríochtaí ardfhorbartha agus a dtacaíonn córas soláthair fuinnimh atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de leis.

(3) cuirtear pointe (3d) seo a leanas leis:

(3d) Ciallaíonn ‘Cuibhreannas Gigeamhonarchan na hIntleachta Saorga’ nó ‘Cuibhreannas Gigeamhonarchan IS’ comhlachas eintiteas dlítheanach atá corpraithe go cuí san Aontas agus a thagann le chéile i gcuibhreannas chun Gigeamhonarcha IS a bhunú agus a oibriú agus lena sonraítear róil agus freagrachtaí na n-eintiteas sin faoi seach ar feadh saolré na Gigeamhonarchan IS, nó eintiteas dlíthiúil nua arna bhunú chun Gigeamhonarcha IS a bhunú agus a oibriú, ag a bhfuil foirm dhlíthiúil a aithnítear in aon Bhallstát. Bunófar Cuibhreannas Gigeamhonarchan IS ar feadh íostréimhse 5 bliana. Féadfaidh comhpháirtí príobháideach amháin nó níos mó de chuibhreannas den sórt sin a bheith rannpháirteach i gComhaltaí Príobháideacha an Chomhghnóthais.

(4) cuirtear pointe (3e) seo a leanas leis:

(3e) ciallaíonn ‘Comhordaitheoir Gigeamhonarchan IS’ eintiteas dlítheanach, atá ionchorpraithe go cuí san Aontas agus atá ann go bailí faoi dhlíthe Ballstáit bunaíochta, atá údaraithe de réir dlí ionadaíocht a dhéanamh ar Chuibhreannas Gigeamhonarchan IS agus a bhfuil an inniúlacht dhlíthiúil agus an t-údarás dlíthiúil aige Comhaontú Óstála Gigeamhonarchan IS a dhéanamh, a fhorghníomhú agus a fheidhmiú; beidh ceanncheathrú ag an gcomhordaitheoir Gigeamhonarchan IS san Aontas agus beidh sé faoi rialú, go díreach nó go hindíreach, trí leas úinéireachta nó trí mhodhanna eile, mar a shainmhínítear i gCaibidil IV de Rialachán (AE) 2024/1624 agus i bprionsabail ábhartha dhlí iomaíochta an Aontais, ar eintitis dhlítheanacha nó ar dhaoine nádúrtha atá bunaithe laistigh den Aontas. Féadfaidh an comhordaitheoir a bheith ina eintiteas óstach atá ann cheana a dhéanann ionadaíocht ar Stát Rannpháirteach ar Ballstát nó cuibhreannas óstála de Stáit Rannpháirteacha é.

(5) cuirtear pointe (3f) seo a leanas leis:

(3f) ciallaíonn ‘Comhaontú Óstála Gigeamhonarchan IS’ comhaontú riaracháin idir an Comhghnóthas agus Comhordaitheoir Gigeamhonarchan IS chun Gigeamhonarcha IS a óstáil agus a oibriú.

(6) cuirtear pointe (3g) seo a leanas leis:

(3g) ciallaíonn ‘eintiteas óstála Gigeamhonarchan IS’ eintiteas dlítheanach atá ainmnithe ag cuibhreannas Gigeamhonarchan IS chun Monarchana IS agus a seirbhísí a óstáil agus a oibriú, agus atá bunaithe i Stát Rannpháirteach ar Ballstát é.

(7) cuirtear an pointe (3h) seo a leanas leis:

(3h) Is comhaontú idir an Comhghnóthas agus tríú tír é ‘Comhaontú Comhair maidir le Gigeamhonarchana Intleachta Saorga’ idir an Comhghnóthas agus tríú tír lena sonraítear coinníollacha rochtana ar Ghigigonarchana IS le haghaidh na n-eintiteas dlítheanach atá faoi rialú, go díreach nó go hindíreach, trí leas úinéireachta nó trí mhodhanna eile, eintiteas dlítheanach nó daoine nádúrtha atá bunaithe sa tríú tír sin.

(8) cuirtear pointe (19a) seo a leanas leis:

(19a) ciallaíonn ‘Lárionad Inniúlachta Candamaí náisiúnta’ eintiteas dlítheanach, nó cuibhreannas eintiteas dlítheanach, atá bunaithe i Stát Rannpháirteach, a sholáthraíonn d'úsáideoirí ón tionscal, lena n-áirítear FBManna, an lucht acadúil, agus riaracháin phoiblí rochtain ar éileamh ar theicneolaíochtaí, uirlisí, feidhmchláir agus seirbhísí candamacha, chomh maith le bonneagair chandamacha náisiúnta nó Eorpacha, agus a thairgeann saineolas, scileanna, oiliúint, líonrú agus for-rochtain.

(9) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(10) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

Beidh sé mar mhisean ag an gComhghnóthas seirbhís sár-ríomhaireachta agus ríomhaireachta candamaí agus éiceachóras bonneagar sonraí den chéad scoth a bheidh cónasctha, slán agus hipearnasctha a fhorbairt, a úsáid, a leathnú agus a chothú san Aontas. Tacóidh sé freisin le forbairt agus glacadh córas sár-ríomhaireachta nuálach iomaíoch atá dírithe ar éileamh agus faoi stiúir an úsáideora agus teicneolaíochtaí agus córais chandamacha atá bunaithe ar shlabhra soláthair lena n-áiritheofar comhpháirteanna, teicneolaíochtaí agus eolas lena gcuirfear teorainn leis an riosca suaite agus le forbairt raon leathan feidhmeanna atá barrfheabhsaithe do na córais sin; agus, úsáid an bhonneagair sár-ríomhaireachta sin a leathnú chuig líon mór úsáideoirí poiblí agus príobháideacha agus tacú leis an dá aistriú agus le príomhscileanna a fhorbairt d'eolaíocht agus do thionscal na hEorpa.

(11) Cuirtear an pointe (fa) seo a leanas le mír 2:

(fa) tacú le taighde agus nuálaíocht eolaíoch agus fheidhmeach úrscothach i dteicneolaíochtaí candamacha, lena n-aistriú ón tsaotharlann go dtí an mhonarcha, agus lena gcur in úsáid, lena nglacadh agus lena gcomhtháthú i mbonneagair chandamacha den chéad scoth, chun éiceachóras candamach dinimiciúil, nuálach agus athléimneach a thógáil ar fud an Aontais, agus chun ceannaireacht eolaíoch agus thionsclaíoch, iomaíochas, uathriail straitéiseach agus ceannasacht theicneolaíoch an Aontais sa ríomhaireacht chandamach, sa chumarsáid chandamach agus sa bhrath candamach a áirithiú.

(12) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h) i mír 2:

(h) Monarchana Intleachta Saorga a fhorbairt agus a oibriú, agus tacú le bunú Ghigeamhonarchana na hIntleachta Saorga agus a seirbhísí, agus rochtain orthu, chun tacú le héiceachóras Intleachta Saorga atá an-iomaíoch agus nuálach a fhorbairt a thuilleadh san Aontas.

(13) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

Rannchuideoidh an Comhghnóthas le leasanna an Aontais a chosaint nuair a bheidh sár-ríomhairí á soláthar agus tacóidh sé le forbairt agus glacadh teicneolaíochtaí, córais agus feidhmchláir Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta agus chandamacha. Cumasóidh sé cur chuige comhdhearaidh chun sár-ríomhairí den chéad scoth a fháil, agus tabharfaidh sé cosaint ag an am céanna do shlándáil shlabhra soláthair na dteicneolaíochtaí agus na gcóras a gheofar. Rannchuideoidh sé le huathriail straitéiseach an Aontais, tacóidh sé le forbairt teicneolaíochtaí agus feidhmchlár a threisíonn slabhraí soláthair Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta agus Teicneolaíochtaí Candamacha na hEorpa agus cuirfidh sé chun cinn a gcomhtháthú i gcórais a thugann aghaidh ar líon mór riachtanas eolaíochta, sochaíoch, comhshaoil, tionsclaíoch agus úsáide slándála.

(14) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(15) cuirtear an pointe (i) seo a leanas le mír 1:

(i) colún Gigeamhonarchan IS, lena gcumhdaítear gníomhaíochtaí Gigeamhonarchana IS, a d'fhéadfadh, ina bhfeidhmiú, a bheith nasctha le líonra EuroHPC de Mhonarchana Intleachta Saorga chun comhtháthú agus comhroinnt eolais gan uaim a áirithiú ar fud éiceachóras Eorpach na hIntleachta Saorga; áireofar sa cholún seo na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(i) bonneagar ríomhaireachta intleachta saorga den chéad scoth a chur ar fáil do thaighdeoirí, d'fhiontraithe agus do thionscail na hEorpa,

(ii) forbairt réiteach nua Intleachta Saorga a chumasú ar fud na n-earnálacha poiblí agus príobháideacha uile agus

(iii) iomaíochas agus ceannasacht an Aontais mar mhór-roinn na hIntleachta Saorga a áirithiú.

(16) cuirtear an pointe (j) seo a leanas le mír 1:

(j) Colún na dteicneolaíochtaí candamacha, lena dtugtar aghaidh ar an éiceachóras candamach iomlán agus ar réimsí feidhme na ríomhaireachta candamaí agus an ionsamhlúcháin chandamach, na cumarsáide candamaí, agus an bhraite agus na méadreolaíochta candamaí, lena n-áirithítear slándáil agus athléimneacht an tslabhra soláthair candamaigh agus a theicneolaíochtaí cumasúcháin. Tabharfaidh na gníomhaíochtaí aghaidh, *inter alia*, ar an méid seo a leanas:

(a) Taighde agus Nuálaíocht Eolaíoch agus Theicneolaíoch: Sármhaitheas taighde a chur chun cinn i réimsí na heolaíochta candamaí agus na teicneolaíochta candamaí.

(b) Aistriú ón tsaotharlann go dtí an mhonarcha agus forbairt an éiceachórais: Tacú le bonneagair chandamacha úrscothacha a fhorbairt agus a chur in úsáid; tionsclú teicneolaíochtaí candamacha a chothú trí thacú le glacadh feidhmchlár candamach i bpríomhearnálacha poiblí agus tionsclaíocha, lena n-áiritheofar go n-aistreofar dul chun cinn ar fud na réimsí candamacha go fíorfheidhmeanna, lena n-áirítear príomh-mhargaí a fhorbairt; caighdeáin Eorpacha agus idirnáisiúnta a chur chun cinn; agus, tacú le forbairt agus líonrú lárionad náisiúnta inniúlachta candamaí ar fud na hEorpa.

(c) Scileanna agus Tallann: Lucht saothair innealtóireachta agus taighde chandamaigh iomaíoch agus cuimsitheach a fhorbairt trí thionscnaimh chomhordaithe oideachais, oiliúna agus soghluaisteachta, ar fud príomhdhisciplíní agus príomhréimsí teicniúla a bhaineann le candam.

(d) Comhar idirnáisiúnta: Comhar idirnáisiúnta a fhorbairt i dteicneolaíochtaí candamacha chun dúshláin dhomhanda eolaíocha agus shochaíocha a réiteach, i gcomhréir le cuspóirí beartais sheachtraigh agus gealltanais idirnáisiúnta an Aontais.

(17) Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(18) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

Suas le EUR 3 972 300 000 a bheidh sa ranníocaíocht airgeadais ón Aontas leis an gComhghnóthas lena n-áirítear leithreasuithe LEE, lena n-áirítear suas le EUR 92 000 000 le haghaidh costas riaracháin, ar choinníoll go ndéanfar an méid sin a mheaitseáil ar a laghad le ranníocaíocht na Stát Rannpháirteach, agus is mar seo a leanas a leithdháilfear í go táscach:

(a) suas le EUR 1 660 000 000 ó Fhís Eorpach

(b) suas le EUR 2 012 300 000 ón gClár don Eoraip Dhigiteach

(c) suas le EUR 300 000 000 ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa.

(19) Cuirtear fomhír nua le mír 1:

Féadfaidh cistí breise ó Fís Eorpach, ón gClár don Eoraip Dhigiteach agus ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa ranníocaíocht an Aontais dá dtagraítear sa chéad fhomhír a chomhlánú, ar choinníoll go ndéanfar na méideanna breise a mheaitseáil ar a laghad le ranníocaíocht comhalta amháin nó níos mó den Chomhghnóthas seachas

an tAontas. Beidh an ranníocaíocht bhreise sin ón Aontas tiomnaithe go heisiach don cholún dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(i). Ní chuirfear na cistí breise sin san áireamh agus ranníocaíocht uasta airgeadais an Aontais á ríomh.

(20) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

Féadfar cistí breise ó aon chlár de chuid an Aontais seachas agus lena gcomhlánaítear na cinn dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal sin a leithdháileadh ar an gComhghnóthas chun tacú lena gcolúin gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 4, seachas na gníomhaíochtaí sin dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(a). Ní chuirfear na cistí breise sin san áireamh agus ranníocaíocht uasta airgeadais an Aontais á ríomh.

(21) Cuirtear mír 4a nua isteach:

Maidir leis na ranníocaíochtaí a chuirtear ar iontaoibh an Chomhghnóthais i gcomhréir le míreanna 3 agus 4 den Airteagal seo, tá ceanglais Airteagal 158 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 infheidhme. Nuair a bhaineann na ranníocaíochtaí breise sin ón Aontas leis an gcolún dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(i), déanfaidh comhalta amháin nó níos mó seachas an tAontas ranníocaíochtaí breise a bheidh i gcomhréir le méid na ranníocaíochtaí ón Aontas.

(22) Scriostar mír 6.

(23) Scriostar mír 7.

(24) Scriostar mír 8.

(25) Cuirtear isteach an tAirteagal 12b seo a leanas:

‘Airteagal 12b’

Gigeamhonarcha na hIntleachta Saorga

1. Beidh Gigeamhonarcha IS lonnaithe i mBallstát. Tabharfar tacaíocht airgeadais dó ó chomhpháirtíocht idir an tAontas agus Stát Rannpháirteach amháin nó níos mó, a ndéantar ionadaíocht air tríd an gComhghnóthas, agus ó Chuibhreannas Gigeamhonarchan IS, a bhféadfadh soláthróir bonneagair teicneolaíochta amháin nó níos mó a bheith san áireamh ann, arna ionadú go dlíthiúil ag Comhordaitheoir Gigeamhonarchan IS.

2. Féadfaidh rannpháirtíocht eintiteas dlítheanach ó Stáit Neamh-Rannpháirteacha i gCuibhreannas Gigeamhonarchan IS a bheith faoi réir srianta nó eisiaimh i gcás ina meastar go bhfuil an rannpháirtíocht sin contrártha do shócmhainní straitéiseacha, leasanna, neamhspleáchas nó slándáil an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/695, Rialachán (AE) 2021/694 agus Rialachán (AE) 2021/1153, leis an nglao ar léiriú spéise chun Cuibhreannas Gigeamhonarchan IS a roghnú, féadfar rannpháirtíocht sa Chuibhreannas sin a theorannú d’eintitis dhlítheanacha atá bunaithe i Stáit Rannpháirteacha amháin nó d’eintitis dhlítheanacha atá bunaithe i dtíortha comhlachaithe sonraithe den Chlár Réime Fís Eorpach, den Chlár don Eoraip Dhigiteach agus d’aon chlár cistiúcháin ábhartha de chuid an Aontais ina dhiaidh sin, nó do thríú tíortha eile sa bhreis ar Stáit Rannpháirteacha. I bprionsabal, ní bheidh feidhm ag na srianta agus na heisiaimh dá dtagraítear sa mhír seo maidir le heintitis dhlítheanacha atá bunaithe i dtríú tíortha, a bhfuil Comhaontú Comhair maidir le Gigeamhonarcha IS nó comhaontú comhchosúil sínithe acu leis an Aontas. Féadfar a shonrú sa ghlao ar léiriú spéise chun Gigeamhonarcha IS a roghnú go bhféadfaidh eintitis dhlítheanacha i dtríú tíortha eile a bheith incháilithe ar choinníoll go gcomhlíonann siad na ceanglais atá le comhlíonadh ag na heintitis dhlítheanacha

sin chun cosaint leasanna slándála an Aontais agus na mBallstát a ráthú agus chun cosaint faisnéise rúnaicmithe faoi dhoiciméid a áirithiú. Leagfar na ceanglais sin amach sa chlár oibre.

3. Bainfidh Cuibhreannas Gigeamhonarchan IS tairbhe as soláthar sainráite doiciméid tacaíochta iomchuí lena gcruthaítear tiomantas an Bhallstáit ina bhfuil an t-eintiteas óstála Gigeamhonarchan IS bunaithe, nó gealltanas údaráis inniúla Stáit Rannpháirteacha Chuibhreannas Gigeamhonarchan IS.

4. Cumhdófar le ranníocaíocht airgeadais an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 5 suas le 17 % d'infheistíochtaí caiteachais chaipitiúil bhonneagar ríofa foriomlán Gigeamhonarchan IS, nó d'aga rochtana ráthaithe réamhaontaithe ar an nGigeamhonarcha IS atá coibhéiseach le hacmhainneacht léasaithe an chaiteachais chaipitiúil. Ba cheart do Stát Rannpháirteach amháin nó níos mó a bheith ar a laghad ar aon dul le ranníocaíocht an Aontais. Cumhdófar an chuid eile den infheistíocht chomh maith le caiteachas oibríochtúil an Ghigeamhonarchan IS leis an gCuibhreannas Gigeamhonarchan IS.

5. D'fhéadfadh Monarcha IS roghnaithe méadú substaintiúil a dhéanamh chun a bheith ina Gigeamhonarcha IS. Sa chás sin, déanfar tacaíocht airgeadais an Aontais a cuireadh ar fáil cheana don Mhonarcha IS sin a áireamh mar chuid de ranníocaíocht an Aontais le caiteachas caipitiúil bhonneagar ríomhaireachta Gigeamhonarchan IS. Déanfar an comhaontú óstála Monarchana Intleachta Saorga dá dtagraítear in Airteagal 10 a mhodhnú dá réir, i gcás inarb iomchuí. Cumhdófar leis an gCuibhreannas Gigeamhonarchan IS an infheistíocht bhreise i Monarcha na hIntleachta Saorga lena mbaineann chun bheith ina Gigeamhonarcha IS chomh maith le caiteachas oibríochtúil na Gigeamhonarchana IS.

6. Féadfaidh Stáit Rannpháirteacha ar Ballstáit iad, trí chomhaontú frithpháirteach leis an gComhghnóthas, a ranníocaíochtaí deonacha faoi seach, lena n-áirítear iad siúd dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo agus aon ranníocaíochtaí eile sa bhreis orthu, ina n-iomláine nó i bpáirt, le haghaidh Gigeamhonarcha IS ar leith tríd an gComhghnóthas, a dhéanfaidh na cistí sin a bhainistiú agus a eisíoc ansin chuig an nGigeamhonarcha IS ainmnithe thar a gceann.

7. Beidh úinéireacht ag an gComhghnóthas ar an gcuid sin den bhonneagar ríomhaireachta Gigeamhonarchan IS a chomhfhreagraíonn don ranníocaíocht ón Aontas a shonraítear i míreanna 4 agus 5. Mairfidh fad na húinéireachta sin nó na hacmhainneachta léasaithe dá dtagraítear i mír 4 5 bliana ar a laghad ó thús oibríochtaí an Ghigeamhonarchan IS agus sonrófar a thuilleadh é sa Chomhaontú Óstála Gigeamhonarchan IS. Cuirfear síneadh leis an tréimhse sin i gcás uasghrádú substaintiúil a dhéanamh ar bhonneagar ríomhaireachta Gigeamhonarchan IS. Gan dochar d'fhoirceannadh an Chomhghnóthais, dá dtagraítear in Airteagal 23(4) de na Reachtanna, aistreofar an úinéireacht sin i gcomhréir leis an gComhaontú Óstála Gigeamhonarchan IS nó cuirfear síneadh léi ar feadh tréimhse chomhaontaithe faoi choinníollacha a shonraítear i gComhaontú Óstála Gigeamhonarchan IS. I gcás úinéireacht a aistriú chuig cuibhreannas Gigeamhonarchan IS, tiontófar luach iarmharach bhonneagar ríomhaireachta Gigeamhonarchan IS ina chearta rochtana coibhéiseacha don Aontas. Mura n-aistrítear úinéireacht chuig cuibhreannas Gigeamhonarchan IS de réir an Chomhaontaithe Óstála, ach cinneadh maidir le díchoimisiúnú, is é Cuibhreannas Gigeamhonarchan IS a íocfaidh na costais ábhartha.

8. Beidh cearta rochtana an Aontais agus na Stát Rannpháirteach i nGigeamhonarcha IS i gcomhréir dhíreach lena ranníocaíochtaí airgeadais faoi seach le caiteachas caipitiúil bhonneagar ríomhaireachta na Gigeamhonarchan IS, nó le ceannach aga rochtana ráthaithe réamhaontaithe ar an nGigeamhonarcha IS.

9. Cinnfidh Bord Rialaithe an Chomhghnóthais:

(a) na coinníollacha a bhaineann le haga rochtana an Aontais ar na Gigeamhonarchana IS,

(b) rialacha sonracha maidir le coinníollacha rochtana ar Ghigeamhonarchana IS a bhaineann le leithdháileadh aga rochtana le haghaidh tionscadail agus gníomhaíochtaí a mheastar a bheith straitéiseach don Aontas.

10. Agus coinníollacha aga rochtana an Aontais á gcinneadh de bhun mhír 9, áiritheoidh an Bord Rialaithe an méid seo a leanas maidir leis an rochtain:

(a) deonófar í d’úsáideoirí atá ina gcónaí, bunaithe nó lonnaithe i mBallstát nó i dtríú tír atá comhlachaithe leis an gClár don Eoraip Dhigiteach, le Fís Eorpach nó leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa;

(b) beidh sí saor in aisce d’úsáideoirí ó eintitis atá faoi rialú an dlí phoiblí. Beidh sí saor in aisce freisin d’úsáideoirí tionsclaíocha le haghaidh feidhmchláir a bhaineann le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta arna gcistiú ag Fís Eorpach, an Clár don Eoraip Dhigiteach, nó an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa chomh maith leo siúd ar bronnadh Séala Barr Feabhais orthu faoin gclár Fís Eorpach nó faoin gClár don Eoraip Dhigiteach agus le haghaidh gníomhaíochtaí nuálaíochta príobháideacha FBManna agus gnólachtaí atá i mbun fáis;

(c) cuimseoidh sí acmhainní ríomhaireachta forchoimeádta go sonrach le haghaidh tionscadail taighde arna gcistiú ag an Aontas, lena n-áirithítear infhaighteacht ráthaithe agus tosaíocht sceidealaithe.

11. Déanfaidh an Bord Rialaithe faireachán ar an sciar d’aga rochtana an Aontais do na cineálacha éagsúla úsáideoirí, a shainmhínítear i bpointe (a) de mhír 10. I gcás ina bhfuil éagothroime shuntasach i sciartha an aga rochtana idir na cineálacha éagsúla úsáideoirí i gcomparáid leis an éileamh, déanfaidh sé gníomhaíocht cheartaitheach iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar an éagothroime sin.

12. Beidh ranníocaíochtaí ón Aontas nó ó na Stáit Rannpháirteacha faoi réir coinníollacha lena n-áirithítear cosaint leasanna straitéiseacha an Aontais. Déanfar na coinníollacha sonracha dá dtagraítear sa mhír seo a leagan síos i gComhaontú Óstála um Ghigeamhonarcha IS tiomnaithe idir an Comhghnóthas agus an cuibhreannas Gigeamhonarchan IS. Is le dlí an Aontais a rialófar an Comhaontú Óstála maidir le Gigeamhonarcha IS, agus déanfar é a fhorlíonadh, in aon ní nach bhfuil cumhdaithe ag an Rialachán seo nó ag aon ghníomhartha dlíthiúla eile de chuid an Aontais, trí dhlí an Bhallstáit ina bhfuil an t-eintiteas óstála bunaithe. Déanfar an méid seo a leanas leis an gComhaontú Óstála Gigeamhonarchan um an Intleacht Shaorga:

(a) struchtúr úinéireachta agus rialachais Gigeamhonarchan IS a leagan amach go mion;

(b) forálacha a áireamh lena n-áiritheofar grinnscrúdú agus rialú éifeachtach ag an Aontas ar Gigeamhonarchan IS chun sócmhainní straitéiseacha, leasanna, uathriail nó slándáil an Aontais a chosaint;

(c) ranníocaíochtaí airgeadais an Aontais, na Stát Rannpháirteach agus chomhpháirtithe poiblí agus/nó príobháideacha Chuibhreannas Gigeamhonarchan IS a shonrú, lena n-áirítear an t-aga rochtana ráthaithe ar an nGigeamhonarcha IS dá dtagraítear i mír 8, de réir mar is iomchuí, agus a fhad;

(d) sonrú a dhéanamh, más iomchuí, ar aon leas eile de chuid an Aontais a eascraíonn as aon infheistíocht de chuid an Aontais a rialaítear le comhaontuithe infheistíochta sonracha idir cuibhreannas Gigeamhonarchan IS agus InvestEU;

(e) na coinníollacha incháilitheachta a leagan amach d'úsáideoirí Gigeamhonarchan IS nach úsáideoirí de chuid an Aontais iad; comhlíonfaidh siad sin na coinníollacha céanna leis na coinníollacha incháilitheachta a shonraítear i mír 2;

(f) na coinníollacha mionsonraithe maidir le rochtain d'úsáideoirí an Aontais agus módúlachtaí cuntasaíochta na n-agaí rochtana ar sheirbhísí Gigeamhonarchan IS a leagan amach;

(g) cáilíocht na seirbhíse a thairgtear d'úsáideoirí an Chomhghnóthais agus Gigeamhonarchan IS á oibriú acu, mar a leagtar amach sa chomhaontú ar leibhéal seirbhíse a áirítear sa Chomhaontú Óstála Gigeamhonarchan IS;

(h) na módúlachtaí a leagan amach maidir le fáil, oibriú agus úsáid shonraí Gigeamhonarchan IS agus an bhonneagair ríomhaireachta, lena n-áirítear riachtanais úsáideoirí ón earnáil phoiblí, i gcás inarb iomchuí; i gcás ina n-áirítear soláthróir bonneagair teicneolaíochta amháin nó níos mó sa Chuibhreannas Gigeamhonarchan IS, áireofar sa Chomhaontú Óstála Gigeamhonarchan IS soláthar coimircí feabhsaithe coinbhleachta leasa a bhaineann leis na soláthróirí sin;

(i) na coinníollacha maidir le haistriú na húinéireachta dá dtagraítear i mír 7, i gcás inarb iomchuí;

(j) mionsonrú a dhéanamh ar shíneadh na húinéireachta nó ar an aga rochtana ceannaithe ráthaithe réamhaontaithe, de réir mar is iomchuí, agus na coinníollacha céimnithe amach le haghaidh Gigeamhonarchan IS, i gcás inarb iomchuí;

(k) na coinníollacha dliteanais maidir le Gigeamhonarcha IS a oibriú, i gcás inarb iomchuí;

(l) an oibleagáid atá ar eintiteas óstála na Gigeamhonarcan IS tuarascáil iniúchóireachta agus sonraí maidir leis an úsáid a baineadh as aga rochtana an Aontais sa bhliain airgeadais roimhe sin a chur isteach chuig an mBord Rialaithe faoin 31 Eanáir gach bliain;

(m) beidh clásal eadrána iontu, de réir bhrí Airteagal 272 CFAE, lena ndeonaítear dlínse ar gach ábhar a chumhdaítear leis an gcomhaontú óstála do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

13. Áireofar sa Ghigeamhonarcha IS comhlacht rialachais phoiblí atá comhdhéanta d'ionadaithe ón gCoimisiún agus ó na Stáit Rannpháirteacha a sholáthraíonn cistiú poiblí don Ghigeamhonarcha IS shonrach. Gan dochar do bhainistíocht agus neamhspleáchas oibríochtúil an chuibhreannais Gigeamhonarchan IS, agus chun ailíniú a áirithiú leis na cuspóirí leasa phoiblí atá mar bhonn taca leis an gcistiú

poiblí, beidh gá le formheas sainráite roimh ré ón gcomhlacht rialachais phoiblí ainmnithe do na gnéithe seo a leanas:

(a) Aon chomhaontú rochtana atá beartaithe le heintitis ó thríú tíortha a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhair imní maidir le sócmhainní straitéiseacha, leasanna, uathriail nó slándáil an Aontais;

(b) Athruithe substaintiúla ar an struchtúr dlíthiúil agus airgeadais nó ar an rialú dlíthiúil agus airgeadais a imríonn tionchar ar leasanna an Aontais nó ar leasanna na Stát Rannpháirteach, amhail athrú ar úinéireacht nó ar rialú deiridh Gigeamhonarchan IS, aon athlonnú sócmhainní criticiúla lasmuigh den Aontas nó mórchinntí maidir le hathstruchtúrú airgeadais;

(c) Athrú suntasach ar chuspóir straitéiseach na nGigeamhonarchana IS.

14. Tar éis glao ar léiriú spéise, roghnóidh Bord Rialaithe an Chomhghnóthais Cuibhreannas Gigeamhonarchan IS trí phróiseas cothrom trédhearcach, le tacaíocht ó phainéal saineolaithe neamhspleácha agus ó institiúid airgeadais chreidiúnaithe arna ceapadh ag an mBord Rialaithe don mheastóireacht, bunaithe, *inter alia*, ar na critéir seo a leanas:

(a) Meastóireacht theicniúil:

(1) Cuspóirí agus cáilíocht theicniúil an togra

(2) Cáilíocht an phlean oibre

(3) Cáilíocht an bhonneagair fhisiciúil, TF agus líonrúcháin

(4) Inbhuanaitheacht agus éifeachtúlacht fuinnimh

(5) Taithí agus fios gnó cuibhreannais ar shaoráidí mórscála comhchosúla a bhunú.

(b) Tionchar Féideartha:

(1) Cáilíocht seirbhíse, lena n-áirítear slándáil agus iontaofacht

(2) Tionchar ar éiceachóras IS na hEorpa

(3) Breisluach AE.

(c) Féidearthacht Airgeadais:

(1) Gealltanais infheistíochta na Stát Rannpháirteach agus an Chuibhreannais Gigeamhonarchan IS

(2) Cáilíocht agus inmharthanacht airgeadais na samhla gnó atá beartaithe (lena n-áirítear dícheall cuí atá le déanamh ag an institiúid airgeadais chreidiúnaithe ceaptha).

15. I gcás nach n-áirítear sa Chuibhreannas soláthróir bonneagair teicneolaíochta amháin nó níos mó, roghnóidh an Cuibhreannas um Ghigeamhonarcha IS soláthróirí an Ghigeamhonarchana intleachta saorga bunaithe ar shonraíochtaí tairisceana cothroma trédhearcacha lena gcuirfear san áireamh sonraíochtaí ginearálta an chórais, agus go háirithe na ceanglais úsáideora ón earnáil phoiblí, arna soláthar ag an Aontas sa ghlao ar léiriú spéise agus arna sonrú a thuilleadh sa Chomhaontú Óstála Gigeamhonarchan IS. Beidh an roghnúchán bunaithe ar chritéir chothroma, oscailte agus thrédhearcacha, agus áiritheofar breisluach AE leis freisin agus tabharfar aghaidh ar shlándáil agus athléimneacht an tslabhra soláthair. Comhlíonfaidh na tairgeoirí roghnaithe na coinníollacha incháilitheachta a shonraítear i mír 2.

16. Féadfaidh an Comhghnóthas creatchonarthaí a bhunú chun comhpháirteanna fíor-riachtanacha agus ardéilimh a sholáthar, amhail ardphróiseálaithe intleachta saorga. Féadfaidh Cuibhreannais Ghigeamhonarchan IS na creatchonarthaí dá dtagraítear sa mhír seo a úsáid chun iad a sholáthar.

(26) Leasaítear Airteagal 16 mar a leanas:

(27) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

Gan dochar d'Airteagal 17(9), beidh cead ag úsáideoirí as na hearnálacha poiblí agus príobháideacha úsáid a bhaint as sár-ríomhairí EuroHPC. Seachas na sár-ríomhairí EuroHPC de ghrád tionsclaíoch, úsáidfear sár-ríomhairí EuroHPC go príomha chun críche taighde agus nuálaíochta a thagann faoi chláir chistiúcháin phoiblí, le haghaidh fheidhmchláir na hearnála poiblí agus le haghaidh gníomhaíochtaí nuálacha príobháideacha FBManna, i gcás inarb iomchuí.

*Iarscríbhinn*

Leasaítear an Iarscríbhinn mar a leanas:

(28) Leasaítear Airteagal 3 den Iarscríbhinn mar a leanas:

(29) Leasaítear mír 2:

Seolfar aon iarratas ó Bhallstát nó ó thríú tír atá comhlachaithe le Fís Eorpach nó leis an gClár don Eoraip Dhigiteach ar bhallraíocht sa Chomhghnóthas chuig an mBord Rialaithe. Cuirfidh na tíortha is iarrthóirí glacadh na Reachtanna seo ar fáil i scríbhinn, agus aon fhorálacha eile lena rialaítear feidhmiú an Chomhghnóthais. Míneoidh na hiarrthóirí freisin céard a spreag iad le ballraíocht a iarraidh sa Chomhghnóthas, agus tabharfaidh siad le fios an chaoi a bhfuil a straitéis sár-ríomhaireachta náisiúnta nó <u>teicneolaíochta candamaí</u> ailínithe le cuspóirí an Chomhghnóthais. Déanfaidh an Bord Rialaithe meastóireacht ar an iarratas, ag cur san áireamh ábharthacht agus breisluach féideartha an iarrthóra a mhéid a bhaineann le misean agus cuspóirí an Chomhghnóthais a bhaint amach, agus féadfaidh sé a chinneadh soiléirithe a iarraidh i dtaca leis an iarrthóireacht sula ndéanfar an t-iarratas a fhormhuiniú.

(30) Leasaítear Airteagal 4 den Iarscríbhinn mar a leanas:

(31) cuirtear an pointe (d) seo a leanas isteach i mír 1:

(d) grúpa Comhairleach na Straitéise Candamaí.

(32) Leasaítear Airteagal 5 den Iarscríbhinn mar a leanas:

(33) cuirtear isteach an mhír 3 seo a leanas:

(3) Maidir le colún candamach na ngníomhaíochtaí, ceapfaidh na Stáit Rannpháirteacha ionadaí óna n-údaráis inniúla i réimse na dteicneolaíochtaí candamacha.

(34) Leasaítear Airteagal 6 den Iarscríbhinn mar a leanas:

(35) cuirtear isteach an mhír 5a seo a leanas:

(5a) I gcás na gcúraimí dá dtagraítear in Airteagal 7(4a) de na Reachtanna seo, agus i gcás gach Gigeamhonarchana intleachta saorga, déanfar cearta vótála na Stát Rannpháirteach a dháileadh i gcomhréir lena ranníocaíochtaí airgeadais geallta agus

lena ranníocaíochtaí comhchineáil leis an nGigeamhonarcha IS sin go dtí deireadh an chomhaontaithe óstála Gigeamhonarchan IS; ní chuirfear na ranníocaíochtaí comhchineáil san áireamh ach amháin má bhíonn siad deimhnithe *ex-ante* ag saineolaí nó iniúchóir neamhspleách.

Chun críoch na míre seo, glacfar cinntí an Bhoird Rialaithe le tromlach 75 % ar a laghad de gach vóta, lena n-áirítear vótaí na gcomhaltaí atá as láthair.

(36) leasaítear an mhír 6 seo a leanas:

(6) I gcomhair na gcúraimí dá dtagraítear in Airteagal 7(5), 7(5a), 7(6) agus 7(7) de na Reachtanna seo, glacfar cinntí an Bhoird Rialaithe in dá chéim.

(37) Leasaítear Airteagal 7 den Iarscríbhinn mar a leanas:

(38) cuirtear isteach an mhír 4a seo a leanas:

(4a) Déanfaidh an Bord Rialaithe na cúraimí seo a leanas a bhaineann leis na Gigeamhonarchana intleachta saorga dá dtagraítear in Airteagal 12b den Rialachán seo:

(a) an chuid den chlár straitéiseach ilbhliantúil a bhaineann le sár-ríomhairí Gigeamhonarcana IS a bhunú dá dtagraítear in Airteagal 18(1) de na Reachtanna seo a phlé agus a ghlacadh;

(b) an chuid den chlár oibre bliantúil a bhaineann le bunú Gigeamhonarchana IS agus le roghnú Chuibhreannais Ghigeamhonarcha IS agus na meastacháin chomhfhreagracha ar chaiteachas a phlé agus a ghlacadh;

(c) seoladh glaonna ar léiriú spéise a fhormheas, i gcomhréir leis an gclár oibre bliantúil;

(d)roghnú Chuibhreannais Ghigeamhonarchan IS a fhormheas lena mbunófar agus lena n-oibreofar na Gigeamhonarchana IS;

(e) na coinníollacha a bhaineann le haga rochtana an Aontais ar Ghigeamhonarchana IS a chinneadh

(f) formheas a dhéanamh ar aon tairiscint a bhaineann le bunú Gigeamhonarcha IS a roghnaíodh lena cistiú;

(g) creatchonarthaí arna mbunú ag an gComhghnóthais EuroHPC a fhormheas chun comhpháirteanna fíor-riachtanacha agus ardéilimh de Ghigeamhonarchana IS a sholáthar.

(39) cuirtear isteach an mhír 5a seo a leanas:

(5a) Maidir le Colún Chandamach na ngníomhaíochtaí, tá feidhm ag forálacha Airteagal 7(5) de na Reachtanna seo, cé is moite de ghníomhaíochtaí a bhaineann le ríomhairí candamacha a fháil agus a oibriú i gcás ina bhfuil feidhm ag forálacha Airteagal 7(4) de na Reachtanna seo.

(40) Leasaítear Airteagal 10 den Iarscríbhinn mar a leanas:

(41) leasaítear mír 1 mar a leanas:

Beidh an Bord Comhairleach Tionsclaíochta agus Eolaíochta comhdhéanta de Ghrúpa Comhairleach Taighde agus Nuálaíochta, de Ghrúpa Comhairleach Bonneagair agus de Ghrúpa Comhairleach Straitéise Candamaí.

(42) cuirtear isteach an mhír 7 seo a leanas:

(7) Ní bheidh níos mó ná dháréag comhaltaí i nGrúpa Comhairleach na Straitéise Candamaí, agus ceapfaidh na Comhaltaí Príobháideacha suas le seisear díobh, ag cur a gcuid gealltanas i leith an Chomhghnóthais san áireamh, agus ceapfaidh an Bord Rialaithe suas le seisear díobh, i gcomhréir le hAirteagal 7(3)(k) de na Reachtanna seo.

(43) Cuirtear isteach an tAirteagal 12a seo a leanas:

Airteagal 12a

*Feidhmiú Ghrúpa Comhairleach na Straitéise Candamaí*

1. Tiocfaidh an Grúpa Comhairleach na Straitéise Candamaí le chéile ar a laghad faoi dhó in aghaidh na bliana.

2. Féadfaidh an Grúpa Comhairleach na Straitéise Candamaí meithleacha a cheapadh i gcás inar gá sin faoi chomhordú foriomlán ceann amháin nó níos mó dá chuid comhaltaí.

3. Toghfaidh Grúpa Comhairleach na Straitéise Candamaí a chathaoirleach.

4. Glacfaidh an Grúpa Comhairleach na Straitéise Candamaí a rialacha nós imeachta lena n-áirítear ainmniú na gcomheintiteas a dhéanfaidh ionadaíocht thar ceann an Ghrúpa Chomhairligh agus fad a n-ainmniúcháin.

(44) Cuirtear isteach Airteagal 14a seo a leanas:

Airteagal 14a

*Cúraimí Ghrúpa Comhairleach na Straitéise Candamaí*

1. Déanfaidh Grúpa Comhairleach na Straitéise Candamaí an méid seo a leanas:

(a) a rannchuidiú leis an dréachtchlár straitéiseach ilbhliantúil maidir leis na gníomhaíochtaí teicneolaíochta candamaí dá dtagraítear in Airteagal 20 de na Reachtanna seo a tharraingt suas agus athbhreithniú a dhéanamh air go tráthrialta i gcomhréir le héabhlóid an éilimh eolaíoch, thionsclaíoch agus beartais;

(b) comhairliúcháin phoiblí a eagrú atá oscailte do gach páirtí leasmhar poiblí agus príobháideach a bhfuil leas aige i réimse na teicneolaíochta candamaí, chun iad a chur ar an eolas maidir leis an dréachtchlár straitéiseach ilbhliantúil agus le dréachtghníomhaíochtaí gaolmhara an chláir oibre teicneolaíochtaí candamacha, agus aiseolas a bhailiú ina dtaobh.

(c) Tabharfaidh an rannchuidiú leis an dréachtchlár straitéiseach ilbhliantúil dá dtagraítear i mír 1 aghaidh ar an méid seo a leanas:

(d) na tosaíochtaí straitéiseacha maidir le taighde, nuálaíocht, cur in úsáid agus bonneagar chun teicneolaíochtaí candamacha a fhorbairt agus a ghlacadh agus chun iad a chomhtháthú in éiceachóras digiteach na hEorpa, chun tacú le hathléimneacht, ceannasacht theicneolaíoch agus uathriail straitéiseach an Aontais agus acmhainneacht dé-úsáide na dteicneolaíochtaí sin á gcur san áireamh ag an am céanna;

(e) gníomhaíochtaí comhair idirnáisiúnta a d'fhéadfadh a bheith ann i dteicneolaíochtaí candamacha a chuireann le luach agus a bhfuil leas coiteann ag baint leo agus ailíniú le luachanna agus leasanna slándála an Aontais á áirithiú ag an am céanna

(f) tosaíochtaí maidir le hoiliúint, oideachas agus forbairt an lucht saothair chun aghaidh a thabhairt ar phríomhinniúlachtaí agus ar an mbearna scileanna i dteicneolaíochtaí candamacha, lena n-áirítear feasacht ar fheidhmchláir atá íogair ó thaobh na slándála de

(g) bonneagair chandamacha a fháil, a chur in úsáid agus a oibriú, lena n-áirítear idirnascadh agus cónascadh le bonneagair Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta agus le bonneagair dhigiteacha eile amhail cumarsáid chandamach agus brath candamach;

(h) bearta maidir le forbairt cumais, idir-inoibritheacht, caighdeánú, slándáil i réimse na dteicneolaíochtaí candamacha agus aird ar leith á tabhairt ar rioscaí dé-úsáide agus cosaint ar shócmhainní straitéiseacha, leasanna, uathriail nó slándáil an Aontais a chosaint.

(45) Leasaítear Airteagal 16 den Iarscríbhinn mar a leanas:

Féadfar gealltanais bhuiséadacha an Chomhghnóthais a roinnt ina dtráthchodanna bliantúla. Ó mhí Eanáir 2025, ní chumhdófar 20 % ar a laghad de bhuiséad carnach na mblianta iarmharacha le tráthchodanna bliantúla.

*Airteagal 40*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*<br><br>*An tUachtarán* | *Thar ceann na Comhairle*<br><br>*An tUachtarán* |

**RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH**


1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH ..... 3

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh ..... 3

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann ..... 3

1.3. Cuspóirí ..... 3

1.3.1. Cuspóirí ginearálta ..... 3

1.3.2. Cuspóirí sonracha ..... 3

1.3.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo ..... 3

1.3.4. Táscairí feidhmíochta ..... 3

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le: ..... 4

1.5. Forais an togra/tionscnaimh ..... 4

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh ..... 4

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin. ..... 4

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart ..... 4

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile ..... 5

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh ..... 5

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige ..... 6

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme ..... 6

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA ..... 8

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe ..... 8

2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe ..... 8

2.2.1. An réasúnaíocht atá leis an modh/na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis an sásra/na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe ..... 8

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú ..... 8

2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta & tráth an dúnta) ..... 8

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc ..... 9
3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH ..... 10
3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar ..... 10
3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe ..... 12
3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí ..... 12
3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar ..... 12
3.2.1.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha ..... 17
3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí ..... 22
3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin ..... 24
3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar ..... 24
3.2.3.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha ..... 24
3.2.3.3. Iomlán na leithreasuithe ..... 24
3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach ..... 25
3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar ..... 25
3.2.4.2. Nithe arna maoiniú ó ioncaim shannta sheachtracha ..... 26
3.2.4.3. Iomlán na n-acmhainní daonna a bheidh riachtanach ..... 26
3.2.5. Forbhreathnú ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha ..... 28
3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha ..... 28
3.2.7. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe ..... 28
3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam ..... 29
4. GNÉITHE DIGITEACHA ..... 29
4.1. Riachtanais a bhaineann le hábhar maidir le cúrsaí digiteacha ..... 30
4.2. Sonraí ..... 30
4.3. Réitigh dhigiteacha ..... 31
4.4. Measúnú idir-inoibritheachta ..... 31
4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach ..... 32

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Leasú ar an Rialachán ón gComhairle maidir leis an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach a bhunú

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Taighde agus Nuálaíocht & Infheistíochtaí Straitéiseacha Eorpacha

Eoraip atá oiriúnach don Aois Dhigiteach

(Ardríomhaireacht — Fís Eorpach Braisle 4, Digiteach, Tionscal agus Spás

An Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta — Cuspóir Straitéiseach DEP 1 — an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa — Digiteach)

### 1.3. Cuspóirí

*1.3.1. Cuspóirí ginearálta*

Borradh a chur faoin acmhainneacht sár-ríomhaireachta atá ar fáil chun tacú le cuspóirí an Phlean Gníomhaíochta um Mór Roinn na hIntleachta Saorga trí bhunú agus imscaradh Gigeamhonarchana IS a chumasú ar fud an Aontais.

Chun go bhféadfar fís straitéis chandamach an Aontais a chur chun feidhme chun an Eoraip a chlaochlú ina lárionad cumhachta tionsclaíoch candamaí agus ina cheannaire margaidh domhanda i dteicneolaíochtaí candamacha, agus a cheannaireacht eolaíoch á coinneáil ar bun ag an am céanna.

*1.3.2. Cuspóirí sonracha*

<u>Cuspóir sonrach Uimh. 1</u>

Chun gur féidir saoráidí bonneagair ríomhaireachta intleachta saorga sárscála (Gigeamhonarchana IS) a bhunú, lena n-áirítear na saoráidí bonneagair stórála sonraí is gá, atá in ann tacú le samhlacha agus feidhmchláir intleachta saorga an-mhór a fhorbairt, a oiliúint agus a chur in úsáid ar scála nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo (e.g. samhlacha intleachta saorga de réir na gcéadta trilliún paraiméadar).

Chun cumhacht ollmhór ríomhaireachta a chur ar fáil le haghaidh ualaí oibre IS, ag sárú i bhfad níos mó ná na sár-ríomhairí EuroHPC is mó de Mhonarchana IS atá ann cheana, trí lárionaid sonraí atá tíosach ar fhuinneamh, nascacht líonra ardluais, agus bonneagar fuinnimh athléimneach atá riachtanach chun Gigeamhonarchana IS a oibriú a chomhtháthú.

<u>Cuspóir sonrach Uimh. 2</u>

Cumais a neartú ar fud an tslabhra luacha candaim iomláin (comhpháirteanna, gairis, agus córais) agus acmhainneachtaí bonneagair chandamaigh agus aghaidh a thabhairt ar ilroinnt idir tionscnaimh Eorpacha agus náisiúnta atá ann faoi láthair chun ceannasacht theicneolaíoch chandamach agus slándáil eacnamaíoch na hEorpa a threisiú.

*1.3.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Cuirfidh Gigeamhonarchana IS na sonraí intleachta saorga dúchasacha atá in easnamh agus bonneagar ríomhaireachta do nuálaithe Eorpacha (gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá i mbun fáis, tionscal), taighdeoirí agus páirtithe leasmhara ón earnáil phoiblí ar fáil. Neartóidh siad iomaíochas agus acmhainneacht nuálaíochta thionscal na hEorpa, trí fhorbairt ardsamhlacha agus ardréiteach intleachta saorga ar mhórscála a chumasú le haghaidh go leor cásanna úsáide tionsclaíche agus earnálacha éagsúla cur i bhfeidhm. Leis na Gigeamhonarchana IS sin, leagfar síos an bunús le haghaidh IS Eorpach fíorcheannasach, rud a chumasóidh forbairt ardsamhlacha atá oilte ar shonraí Eorpacha, arna rialú ag dlíthe an Aontais, agus a thógfar laistigh de chreat iontaofa, slán agus eiticiúil ina gcorpraítear luachanna Eorpacha.

Le cur chuige Eorpach níos comhtháite lena gcumhdófar na teicneolaíochtaí candamacha uile, neartófar iomaíochas domhanda agus ceannasacht theicneolaíoch na hEorpa, daingneofar a ceannaireacht i dteicneolaíochtaí candamacha, cuideofar le héiceachóras rathúil Eorpach um thosú candamach a neartú agus a fhorbairt a thuilleadh chun méadú agus feabhas a chur ar a chumas dul san iomaíocht go hidirnáisiúnta agus caighdeáin idirnáisiúnta a leagan síos.

*1.3.4. Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

– Líon na nGigeamhonarchana IS a cuireadh in úsáid [faoi 2027].
– Ríomhairí candamacha a chur in úsáid lena léirítear buntáiste candamach arna gcur in úsáid faoi 2030, ar cloch mhíle thábhachtach é i gceannasacht theicneolaíoch na hEorpa.
– Líon na bpost a chruthófar in earnáil na dteicneolaíochtaí candamacha faoi 2030, rud a thacóidh le héiceachóras Eorpach láidir iomaíoch a fhorbairt.
– Líon na réiteach candamach a úsáidfear i bhfeidhmeanna éagsúla agus i gcásanna úsáide éagsúla faoi 2030, agus díriú soiléir ar thionchar ar fud na heolaíochta bunúsaí agus feidhmeach, na tionsclaíochta agus na hearnála poiblí.

**1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:**

☐ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal / réamhbheart[12]

☑ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

**1.5. Forais an togra/tionscnaimh**

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Sheol an Coimisiún glao neamhcheangailteach ar léirithe spéise le haghaidh Gigeamhonarchana IS an 9 Aibreán 2025, agus is é an 20 Meitheamh an sprioc-am chun iarratas a chur isteach (féach https://eurohpc-

12 Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

ju.europa.eu/document/download/47492db7-592e-4ad8-b672-9c822f94afa0_en?filename=AI%20GIGAFACTORIES%20CONSULTATION.pdf). Is é is aidhm don ghlao smaointe a bhailiú ó gach cearn den Eoraip, cuibhreannais fhéideartha a shainaithint, agus bonn eolais a chur faoi chreat láidir Gigeamhonarchan IS a fhorbairt. Tar éis an sprioc-ama, cuirfidh an Coimisiún tús le plé struchtúrtha le tacadóirí roghnaithe agus lena mBallstáit tacaíochta chun cuidiú lena dtograí a aibiú. Is é an sprioc atá ann an glao oifigiúil ar Ghigeamhonarchana IS a sheoladh faoin gComhghnóthas EuroHPC roimh dheireadh 2025. Dá bhrí sin, ba cheart an Rialachán leasaithe a bheith i bhfeidhm faoin am sin chun seoladh an ghlao a chumasú.

Chun tús a chur le cur chun feidhme ***na straitéise don Eoraip chandamach***, seolfaidh an Coimisiún na chéad ghníomhaíochtaí spriocdhírithe sa réimse candamach sa ghearrthéarma. Leis na céimeanna tosaigh sin, leagfar síos an bonn agus cruthófar móiminteam chun an straitéis a chur in úsáid ar bhonn níos leithne. Déanfar raon feidhme agus scála na ngníomhaíochtaí a leathnú agus a threisiú de réir a chéile ansin i gcomhréir le glacadh réamh-mheasta an Achta Candamaigh in 2026, lena n-áiritheofar comhlíonadh iomlán agus lena mbainfear an leas is mó is féidir as deiseanna a luaithe a bheidh an tAcht i bhfeidhm.

1.5.2. *Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Cúiseanna le gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (*ex ante*)

Is iarrthóir nádúrtha ar ghníomhaíocht chomhordaithe Eorpach é an tionscnamh Gigeamhonarcha IS, ag ailíniú le straitéis Chomhghnóthas EuroHPC agus ag giaráil na n-ionstraimí dlí is oiriúnaí de chuid an Aontais le haghaidh cur chun feidhme. Mar gheall ar mhéid an tionscnaimh, ar scála idir 3 agus 5 bhilliún euro in aghaidh na Gigeamhonarchan IS aonair, is trí ghníomhú ar leibhéal an Aontais amháin is féidir leis an Eoraip acmhainní, saineolas agus cistiú a chomhthiomsú chun an mhais chriticiúil is gá a ghiniúint chun sonraí IS den chéad ghlúin eile a fháil agus bonneagar a ríomh. Ní féidir an leibhéal uaillmhéine sin a bhaint amach trí iarrachtaí ilroinnte náisiúnta amháin. Le creat Gigeamhonarchan IS, cuirtear deis uathúil ar fáil chun cumais straitéiseacha na hEorpa a chomhdhlúthú maidir leis an intleacht shaorga, bonneagar atá tíosach ar fhuinneamh agus forbairt cheannasach IS, lena n-áirithítear go leanfaidh an Eoraip de bheith iomaíoch agus ar thús cadhnaíochta sa nuálaíocht dhomhanda maidir leis an intleacht shaorga.

Maidir le teicneolaíochtaí candamacha, tá an Eoraip ag tráth cinniúnach faoi láthair i rás domhanda na teicneolaíochta candamaí: Tá tiomantas láidir polaitiúil léirithe ag an Aontas agus ag na Ballstáit, le déanaí trí Dhearbhú Eorpach 2023 maidir le Teicneolaíochtaí Candamacha agus baineann siad tairbhe as barr feabhais eolaíoch den chéad scoth. Mar sin féin, tá tírdhreach an taighde san Eoraip ilroinnte, agus a gcláir taighde neamhchomhordaithe féin ag an Aontas agus ag roinnt Ballstát. Ina theannta sin, tá éiceachóras candamach na hEorpa fós leochaileach agus an-ilroinnte. Tá an lámh in uachtar ag gnólachtaí nuathionscanta beaga agus ag gnólachtaí beaga atá i mbun fáis, ós rud é nach bhfuil sruthanna ioncaim cobhsaí acu, go mbíonn deacrachtaí acu rochtain a fháil ar chaipiteal, agus nach mór dóibh dul i ngleic le

héileamh tionsclaíoch teoranta. Tá baol ann go gcaillfear éiceachórais lasmuigh den Eoraip nó go n-athlonnófar chuig éiceachórais níos tacúla iad. Tá gá le creat comhair idir an tAontas agus na Ballstáit chun comhordú comhleanúnach agus éifeachtach a áirithiú ar fud gníomhaíochtaí náisiúnta agus Eorpacha taighde agus nuálaíochta candamaí, forbairt éiceachórais thionsclaíoch agus bonneagair nó scileanna.

An breisluach AE a bhfuil coinne leis a ghiniúint (*ex post*)

Gigeamhonarchana IS:

– Comhordú agus comhthiomsú feabhsaithe d'infheistíochtaí mórscála Eorpacha, náisiúnta agus tionsclaíocha chun Gigeamhonarchana IS a chur in úsáid do thaighdeoirí, fiontraithe, tionscail agus don earnáil phoiblí Eorpacha nach féidir le Ballstáit aonair agus cuideachtaí Eorpacha a bhaint amach chun an tAontas a chur chun tosaigh ar fud an domhain.

– Rochtain fheabhsaithe do nuálaithe tionsclaíocha Eorpacha (gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá i mbun fáis agus mórthionscal), do pháirtithe leasmhara san earnáil phoiblí agus do thaighdeoirí ar shonraí IS den chéad scoth agus acmhainní bonneagair a ríomh chun forbairt úrscothach, samhlacha intleachta saorga sár-mhórscála agus réitigh intleachta saorga atá saincheaptha do riachtanais earnálacha tionsclaíocha éagsúla, údarás poiblí agus disciplíní eolaíocha a spreagadh san Eoraip.

– Tacú le héiceachóras tionsclaíoch agus taighde IS an Aontais trí phríomhshonraí IS a thabhairt le chéile agus acmhainní bonneagair a ríomh a theastaíonn uathu chun samhlacha agus feidhmchláir IS iontaofa sár-mhóra a fhorbairt.

– Acmhainneacht nuálaíochta agus táirgiúlacht thionscal na hEorpa a neartú, trí fhorbairt réiteach intleachta saorga atá go hiomlán nua a chumasú le haghaidh raon leathan cásanna úsáide agus earnálacha cur i bhfeidhm tionsclaíoch, agus ar an gcaoi sin iomaíochas agus ceannasacht an Aontais mar mhór-roinn IS a áirithiú.

Teicneolaíochtaí candamacha:

– Iarrachtaí comhordaithe i dteicneolaíochtaí candamacha ar leibhéal an Aontais, i gcomhpháirtíocht leis na Ballstáit, chun dlús a chur le forbairt agus cur in úsáid breise teicneolaíochtaí candamacha, agus dúbailt agus ilroinnt á seachaint.

– Infheistíochtaí an Aontais, infheistíochtaí náisiúnta agus infheistíochtaí tionsclaíocha i dteicneolaíochtaí candamacha a ailíniú agus a chomhthiomsú.

– Bonneagair úrscothacha ríomhaireachta candamaí, braiteachta agus cumarsáide a sholáthar nach mbeadh Ballstáit agus cuideachtaí aonair in ann iad a bhaint amach, rud a threiseodh uathriail straitéiseach na hEorpa.

– Éiceachóras candamach Eorpach comhleanúnach athléimneach a chruthú, lena gcomhtháthófar slabhraí soláthair, gníomhaíochtaí caighdeánaithe, agus forbairt scileanna atá réidh don chandam.

– Rochtain mhéadaithe do thaighdeoirí, gnólachtaí nuathionscanta agus tionscail Eorpacha ar ardbhonneagair agus ardbhinsí tástála candamacha, lena dtacaítear leis an nuálaíocht agus leis an iomaíochas.

- Suíomh domhanda neartaithe an Aontais i bpríomhréimsí amhail ríomhaireacht chandamach, cumarsáid chandamach, agus brath candamach, atá ailínithe le spriocanna straitéiseacha fadtéarmacha an Aontais.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

- D'éirigh go han-mhaith leis an tionscnamh Monarchana IS a seoladh in 2024, rud a d'éiligh leasuithe spriocdhírithe ar Rialachán Uimh. 2021/1173 ón gComhghnóthas EuroHPC, arna leasú le Rialachán (AE) 2024/1732, rud a léiríonn tiomantas agus tacaíocht láidir na mBallstát. Is féidir leas a bhaint as roinnt ceachtanna tábhachtacha a foghlaim chun dul chun cinn agus tionchar leanúnach a áirithiú:
- Tábhacht straitéiseach Ghigeamhonarchana IS a threisiú trí bhéim a leagan ar a n-acmhainneacht nuálaíocht ar fud an Aontais a spreagadh, mar a léirítear leis an tionscnamh Monarchana IS.
- Cur leis an tiomantas agus leis an tacaíocht láidir ó na Ballstáit, mar a fheictear sa tionscnamh Monarchana IS, chun a áirithiú go n-éireoidh leis an tionscnamh maidir le Gigeamhonarchana IS.
- Leas a bhaint as an móiminteam ó Mhonarchana IS chun cistiú suntasach a mhealladh agus a dhaingniú, agus na hearnálacha poiblí agus príobháideacha rannpháirteach ann.
- Leas a bhaint as an spéis atá ag gnólachtaí teicneolaíochta, comhtháthóirí lárionaid sonraí, soláthraithe fuinnimh, agus cistí infheistíochta móra chun comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha a chomhtháthú, rud a chuirfidh borradh faoi acmhainní agus faoin nuálaíocht.

Agus leas á bhaint as ceachtanna ó Chomhghnóthas EuroHPC a bhí ann roimhe seo agus ó chomhtháthú candamach, is féidir le roinnt príomhthátail a bheith ina dtreoir do chur chun feidhme rathúil an chreata Gigeamhonarchan IS agus Teicneolaíochtaí Candamacha:

